Na Scileanna Traschuraclaim a Mheasúnú

Curaclam
Thuaisceart Éireann

Treoir Neamhreachtúil

Foghlaim, Teagasc agus Measúnú sa Bhonnchéim

Ag Tacú le Múinteoirí na Bonnchéime sa Mheasúnú agus sa Tuairisciú

Foghlaim, Teagasc agus Measúnú sa Bhonnchéim

Clár ábhair

Intreoir 3

An Bhonnchéim sa Ghaelscolaíocht 4

Sracfhéachaint ar Riachtanais Reachtúla:
Bonnchéim go hEochairchéim 3 6

Timthriall na Foghlama, an Teagaisc agus an Mheasúnaithe 8

Pleanáil sa Bhonnchéim 9

Measúnú sa Bhonnchéim 10

Teicnící agus Straitéisí Measúnaithe 12

Mórphictiúr an Mheasúnaithe agus an Tuairiscithe 14

Intreoir

Éascaíonn an treoir neamhreachtúil measúnaithe seo don Bhonnchéim cur chuige na scoile uile maidir le measúnú agus tógann sé ar chleachtais reatha éifeachtacha i scoileanna.

Comhlánaíonn an leabhrán seo na Céimeanna Forbartha neamhreachtúla san Fhoghlaim don Bhonnchéim sna Scileanna Traschuraclaim:

- An Chumarsáid;
- Úsáid na Matamaitice; agus
- Úsáid TFC (ar fáil ó Mheán Fómhair 2013).

Ailíníonn greillí na gCéimeanna Forbartha san Fhoghlaim leis an churaclam reachtúil don Bhonnchéim. Taispeánann siad fosta an dul chun cinn nó na céimeanna is féidir le páistí a thógáil le Leibhéal 1 de na Leibhéil Dul Chun Cinn reachtúla a bhaint amach. Tá cúrsa ar-líne ar an dóigh leis na greillí a úsáid ar fáil do na múinteoirí uilig i dTuaisceart Éireann ag **www.ccea.org.uk**

Ba chóir dul i mbun measúnaithe sa bhonnchéim de réir na bprionsabal seo a leanas:

- ba chóir go mbeadh an measúnú ag teacht agus ag tacú le croí-aidhmeanna Churaclam Thuaisceart Éireann;
- ba chóir go mbeadh an measúnú fóirsteanach;
- ba chóir go mbeadh an measúnú soláimhsithe; agus
- ba chóir breithiúnais ghairmiúla múinteora a bheith mar chúltaca aige, breithiúnais atá comhsheasmhach agus iontaofa.

Tá ról ríthábhachtach ag an mheasúnú maidir le cuidiú le scoileanna torthaí a fheabhsú. Má bhíonn múinteoirí eolach ar ghnóthachtáil daltaí aonair tig leo straitéisí a chur i bhfeidhm le cuidiú leo dul i bhfeabhas. Ar an dóigh seo, cuirtear feabhas chun tosaigh ag leibhéal an ranga, ansin ag leibhéal na scoile, rud a fhágann go dtig leis an scoil spriocanna dáiríre, dúshlánacha a leagan síos sa Phlean Forbartha Scoile.

An Bhonnchéim sa Ghaelscolaíocht

Tá an Ghaelscolaíocht bunaithe ar mhúnla tumoideachais. Tarlaíonn sé seo nuair a thumtar páistí agus nuair a chuirtear oideachas orthu trí theanga nach teanga an bhaile í. Is as teaghlaigh arb é an Béarla an phríomhtheanga acu formhór na bpáistí atá ar scoileanna Lán-Ghaeilge. Tá páistí ann fosta as teaghlaigh arb í an Ghaeilge an phríomhtheanga acu. Cé go dtagraíonn an cháipéis seo do riachtanais na bonnchéime, ní mór do mhúinteoirí bheith ar an eolas faoi riachtanais na bpáistí arb í an Ghaeilge an teanga theaghlaigh acu.

Tá cur i bhfeidhm éifeachtach na Bonnchéime bunaithe ar eolas faoi:

- tuiscint ar an tumoideachas;
- tuiscint ar phróisis shealbhú na tumtheanga;
- an dinimic theanga laistigh de thimpeallacht an tseomra ranga;
- cruthú agus coinneáil timpeallachta atá saibhir ó thaobh teanga de;
- comhthathú pleanáilte shealbhú na tumtheanga i ngach Réimse Foghlama; agus
- forbairt i sealbhú na tumtheanga.

Tuiscint ar an tumoideachas

Tumtar páistí sa chlár tumtha agus tugtar oideachas dóibh trí theanga nach í, den chuid is mó, teanga an teaghlaigh í. Is mór idir na dálaí inar fhoghlaim siad an chéad teanga acu agus an dóigh a dtarlaíonn sealbhú na tumtheanga. Is iad na múinteoirí ranga príomhfhoinse teagmhála na sprioctheanga. Is dúshlán suntasach oideolaíoch é mar sin, teagmháil na bpáistí ar an sprioctheanga sa seomra ranga a uasmhéadú.

Tuiscint ar phróisis i sealbhú na tumtheanga

Téann daltaí trí chéimeanna atá sainithe go soiléir i sealbhú na tumtheanga. Baineann an chéad chéim le forbairt scileanna glacacha nuair a bhíonn daltaí:

- ag éisteacht leis an tumtheanga agus ag éirí cleachta lena fuaimeanna agus lena rithimí; agus
- ag éisteacht leis an tumtheanga agus ag tosú a thuiscint a bhfuil á rá.

Baineann an dara céim le forbairt scileanna giniúna nuair a thosaíonn daltaí a úsáid na teanga trí:

- aithris a dhéanamh ar a gcluineann siad;
- focail agus frásaí atá ar eolas a úsáid go spontáineach; agus
- tosú a úsáid teanga go marthanach.

Ní hamháin go leanann scileanna giniúna forbairt scileanna glacacha ach in amanna bíonn an dá chineál scile i gceist ag an am chéanna.

An dinimic theanga i dtimpeallacht an tseomra ranga

Bíonn 'tréimhse thostach' ag formhór na ndaltaí nuair nach dtugann siad freagra sa tumtheanga ach léiríonn tuiscint trí ghníomhartha nó freagraí sa chéad teanga. Ní hionann fad na 'tréimhse tostaí' ag gach dalta. Le linn na Bonnchéime bíonn, dáiríre, dhá theanga in úsáid i nGaelscoil. Úsáideann an múinteoir Gaeilge leis na páistí. Gach seans go núsáideann na páistí Béarla leis an mhúinteoir agus lena bpiaraí. Ag an phointe seo, bíonn na páistí ag feidhmiú mar éisteoirí i dtaca leis an tumtheanga de, is é sin an Ghaeilge, agus mar éisteoirí agus mar chainteoirí i dtaca leis an Bhéarla de. Le linn na tréimhse seo, go dtí go mbaineann a gcuid Gaeilge labhartha an caighdeán cuí amach, léirítear tuiscint Gaeilge na bpáistí, agus iad i mbun scéalta, cluichí, gníomhaíochtaí matamaitice agus eolaíochta agus eispéiris eile trí fhreagraí a thugann siad, den chuid is mó, i mBéarla nó trína gcuid gníomhartha. Is cuid dhosheachanta í seo den phróiseas foghlama teanga. Dé réir mar a mhéadaíonn a gcumas Gaeilge, is amhlaidh a laghdaíonn a spleáchas ar an Bhéarla.

Cruthú agus coinneáil timpeallachta atá saibhir ó thaobh teanga de

Le linn na Bonnchéime, má tá an curaclam le cur i bhfeidhm, tá gá le tréimhse shínte ama a sholáthar atá dírithe go hiomlán, beagnach, ar fhorbairt na teanga labhartha i nGaeilge. Mar chuid de seo, tá gníomhaíochtaí ina bhfuil an bhéim go príomha ar shealbhú bhunúsach na Gaeilge seachas ar shaibhriú agus ar shíneadh teanga atá forbartha go maith cheana féin. Is tábhachtach go ndéantar riachtanais teanga na bpáistí arb í an Ghaeilge teanga an teaghlaigh a phleanáil. Tá cruthú agus coinneáil timpeallachta atá saibhir ó thaobh teanga de riachtanach má tá rath le bheith ar an Bhonnchéim.

Áirítear ar na fachtóirí a chuireann cruthú agus coinneáil timpeallachta atá saibhir ó thaobh teanga de chun cinn:

- úsáid leanúnach na Gaeilge le linn gach gníomhaíochta;
- leibhéal ard idirghníomhaíochta béil le daltaí;
- úsáid fhorleitheadach leideanna neamhlabhartha .i. comharthaíocht choirp, gothaí lena n-áirítear gothaí gnúise srl;

- ráta urlabhra atá beagán níos fadálaí agus tuin chainte áibhéileach;
- gníomhaíochtaí teanga atá daingnithe i gcomhthéacs;
- leibhéal ard athrá agus athráiteas ar chroíghnéithe teanga;
- úsáid réim chuí arb ionann í agus na patrúin teagmhála teanga in eispéiris shealbhú na chéad teanga;
- monatóireacht a dhéanamh ar thuiscint na bpáistí agus teanga agus leideanna neamhlabhartha a choigeartú de réir mar is cuí;
- teagmháil le foinsí difriúla tumtheanga a chinntiú, mar shampla, CDanna, DVDanna, físeáin srl; agus
- pleanáil i gcomhair cruinneas teanga bunaithe ar phatrúin shainaitheanta i bhfoghlaim agus i nginiúint na tumtheanga.

Comhtháthú pleanáilte shealbhú na tumtheanga i ngach réimse foghlama

Díríonn an phleanáil éifeachtach go comhfhiosach ar fhorbairt ar bhunchumas teanga i ngach Réimse Foghlama. Is dúshlán mór é seo óir bíonn gá le pleanáil chórasach, chomhfhiosach i rith ama. Ní mór fócas sainiúil pleanáilte a bheith ag gníomhaíochtaí teanga, fiú nuair a bhíonn an múinteoir páirteach i bhforbairt gníomhaíochtaí eile foghlama.

Le go n-éireoidh leis an phleanáil tá gá le:

- pleanáil i gcomhair foghlaim ábhair agus teanga;
- leibhéal ard gníomhaíochtaí praiticiúla teagmhálacha a chinntiú;
- líon cothrom de ghníomhaíochtaí a thionscnaíonn páistí agus a threoraíonn daoine fásta;
- suim agus sult na bpáistí a spreagadh agus an spreagadh sin a choinneáil;
- dul chun tosaigh a spreagadh trí gach céim de phróiseas shealbhú na tumtheanga;
- eispéiris teanga na bpáistí go nuige seo a fhorbairt agus a dhaingniú;
- deiseanna don saibhriú teanga a sholáthar;
- tacú le teacht chun cinn na tumtheanga; agus
- monatóireacht a dhéanamh ar chumas méadaitheach na bpáistí.

Ar na tréithe is tábhachtaí a bhaineann le timpeallacht tumtheanga sa Bhonnchéim, tá ráta níos airde de chaint ag an mhúinteoir agus céatadán níos airde de ghníomhaíochtaí faoi threoir múinteoirí ná mar a bhíonn de ghnáth i suíomh aonteangach. Ba chóir deiseanna a thabhairt do pháistí, áfach, plé a thionscnamh agus bheith rannpháirteach ann, tríd an tumtheanga, lena gcuid piaraí agus lena múinteoirí.

Forbairt i sealbhú na tumtheanga

Le linn na Bonnchéime is dinimic dhá theanga, den chuid is mó, atá ar siúl. Cé gur minic na páistí ag tabhairt freagra i mBéarla, forbróidh a leibhéil thuisceana, a gcumas cuimhne agus a gcumas le freagra a thabhairt sa tumtheanga le himeacht ama. Sa Ghaelscoil bíonn dul chun cinn cinnte le feiceáil i gcineál agus i gcastacht na teanga dá bhfreagraíonn na páistí. Le linn na Bonnchéime, den chuid is mó, bíonn réim chuí, cuid mhór athrá ag baint leis an teanga a dhírítear ar pháistí agus bítear ag brath go mór ar leideanna amhairc agus comhthéacs. Tagann scileanna giniúna teanga chun cinn de réir a chéile ón chéad fhocal nó ón chéad fhrása simplí mar chuid d'abairtí Béarla go dtí meascán cothrom de Ghaeilge agus de Bhéarla, go dtí gnáthúsáid na Gaeilge ag deireadh na céime seo. Ní mór teacht ar dheiseanna ar dhóigh íogair le freagraí i nGaeilge a spreagadh.

Laistigh de chomhthéacs a ngníomhaíochtaí teanga, rachaidh páistí chun cinn ó:

- éisteacht le Gaeilge agus í a thuiscint go dtí éisteacht le Gaeilge, í a thuiscint agus í a labhairt laistigh den seomra ranga;
- Béarla a úsáid agus bunfhocail, bunfhrásaí agus bunabairtí Gaeilge tríd go dtí Gaeilge a úsáid le múinteoirí agus le piaraí sa seomra ranga agus ansin i ngníomhaíochtaí spontáineacha;
- Gaeilge shimplí a úsáid i suímh struchtúrtha go dtí réimse de phatrúin abairtí agus aimsirí a úsáid;
- bunfhuaimniú inaitheanta Gaeilge a úsáid go dtí eolas a chur ar na tréithe fuaimnithe Gaeilge is coitianta; agus
- labhairt faoi chúrsaí simplí agus mothúcháin go dtí ceisteanna cuí a chur agus cur síos a dhéanamh ar imeachtaí ranga.

Sracfhéachaint ar Riachtanais Reachtúla: Bonnchéim go hEochairchéim 3

Measúnú Reachtúil agus Tuairisciú Reachtúil
Measúnú
Dul chun cinn daltaí a mheasúnú i ngach ceann de na Réimsí Foghlama.
Dul chun cinn daltaí a mheasúnú sna Scileanna Traschuraclaim: Cumarsáid, Úsáid na Matamaitice agus Úsáid TFC[1].
Dul chun cinn daltaí a mheasúnú sna Scileanna Traschuraclaim: Cumarsáid, Úsáid na Matamaitice agus Úsáid TFC, **trí thagairt a dhéanamh do na Leibhéil de Dhul Chun Cinn.**
Dul chun cinn daltaí a mheasúnú trí thagairt a dhéanamh do na Leibhéil de Dhul Chun Cinn, agus tuairisciú[2] a dhéanamh ar na torthaí uimhriúla a baineadh amach sna Scileanna Traschuraclaim: Cumarsáid[3], Úsáid na Matamaitice agus Úsáid TFC.
Dul chun cinn daltaí a mheasúnú sna Scileanna Eile (Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta).
Na measúnuithe ríomhairithe reachtúla a riar i dtéarma an fhómhair.
Tuairisciú chuig Tuismitheoirí
Tuairisc a chur ar fáil i scríbhinn, i dtaca le torthaí na measúnuithe ríomhairithe reachtúla agus cuireadh a thabhairt do thuismitheoirí bualadh leat leis na torthaí sin a phlé faoi dheireadh théarma an fhómhair.
Cuireadh a thabhairt do thuismitheoirí bualadh leat le dul chun chinn a bpáiste a phlé.
Tuairisc Bhliantúil a sholáthar do thuismitheoirí faoi 30 Meitheamh.
An Leibhéal de Dhul Chun Cinn atá bainte amach ag gach dalta sa Chumarsáid[4], in Úsáid na Matamaitice agus in Úsáid TFC a lua sa Tuairisc Bhliantúil. Caithfidh ráiteas a bheith sa Tuairisc Bhliantúil fosta faoin chéatadán de dhaltaí i mBliain 4, Bliain 7 agus Bliain 10 sa scoil: • a bhain amach leibhéal áirithe sa Scil Traschuraclaim sin; • a bhain amach an leibhéal ionchais nó leibhéal níos airde ná sin sa Scil Traschuraclaim sin; • a d'oibrigh i dtreo an leibhéil ionchais ag deireadh Bhlianta 4, 7 agus 10, ach nár bhain amach an leibhéal sin go fóill sa Scil Traschuraclaim sin; agus • atá díolmhaithe ó mheasúnú sa Scil Traschuraclaim sin.

[1] Tá treoir ar fáil ach an foilsiúchán *Céimeanna Forbartha na Foghlama don Bhonnchéim* a cheadú ag **www.ccea.org.uk**

[2] Caithfear na Leibhéil de Dhul Chun Cinn faoi choinne Cumarsáid, Úsáid na Matamaitice agus Úsáid TFC a thuairisciú chuig tuismitheoirí, chuig CCEA agus, ag deireadh Eochairchéim 2, chuig na hiar-bhunscoileanna cuí.

[3] I gcás Gaelscoileanna agus aonaid Ghaelscolaíochta, níl i gceist leis na leibhéil a bhronnfar ar dhaltaí ag deireadh Eochairchéim 1 ach cumarsáid trí mheán na Gaeilge. Cumarsáid trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla araon a bheidh i gceist ag deireadh Eochairchéimeanna 2 agus 3.

[4] I gcás Gaelscoileanna agus aonaid Ghaelscolaíochta, ag deireadh Eochairchéim 1, is faoi choinne Gaeilge amháin ba chóir leibhéil a thuairisciú sa Chumarsáid. Ag deireadh Eochairchéimeanna 2 agus 3 ba chóir leibhéil sa Chumarsáid a thuairisciú faoi choinne Gaeilge agus Béarla araon.

	an Bhonnchéim		Eochairchéim 1		Eochairchéim 2			Eochairchéim 3		
	Bl 1	Bl 2	Bl 3	Bl 4	Bl 5	Bl 6	Bl 7	Bl 8	Bl 9	Bl 10
	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
	✓	✓								
			✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
				✓			✓			✓
	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
				✓	✓	✓	✓			
				✓	✓	✓	✓			
	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
				✓			✓			✓

Timthriall na Foghlama, an Teagaisc agus an Mheasúnaithe

Sa Bhonnchéim sa Ghaelscolaíocht, bíonn solúbacht agat maidir leis na Réimsí Foghlama a léirmhíniú sa dóigh go mbeidh siad fóirsteanach do riachtanais, do shuimeanna agus do chumais do chuid daltaí. Cinnteoidh measúnú éifeachtach sa chéim seo:

- go dtógann an teagasc ar chéimeanna reatha forbartha, ar riachtanais agus ar shuimeanna, agus ar réamhthaithí do chuid daltaí;
- go dtugtar an aird chuí ar fhorbairt inniúlachtaí na ndaltaí sa tumtheanga;
- gur rannpháirtithe gníomhacha iad do chuid daltaí sa phróiseas measúnaithe;
- go bhfuil siad spreagtha agus go dtugtar dúshlán ar a gcuid foghlama;
- go bhfuil ionchais arda réadúla agat maidir le do chuid daltaí mar fhoghlaimeoirí agus go roinneann tú na hionchais sin;
- go dtig leo tacaíocht chuí a fháil; agus
- go bhfuil sreabhadh débhealach faisnéise ann le tuismitheoirí/cúramóirí.

Ba chóir go mbeadh cultúr de chumarsáid oscailte, de chomhchaidrimh dhearfacha agus de dhul sa tseans le feiceáil i seomra ranga na Bonnchéime.

Tá sé tábhachtach foghlaim, teagasc agus measúnú a fheiceáil mar thimthriall leanúnach; ní críochphointe é measúnú ach cuid lárnach de phróiseas na foghlama. Cuireann múinteoir Gaelscolaíocht an timthriall seo in oiriúint do riachtanas teanga na ndalta agus déantar pleanáil don sprioctheanga agus do na réimsí foghlama.



Pleanáil sa Bhonnchéim

Ba chóir go gcuirfeadh an fhaisnéis a fhaigheann tú ón mheasúnú eolas ar fáil don phleanáil agat, i gcomhthéacs Churaclam Thuaisceart Éireann agus i gcomhthéasc fhorbairt inniúlachtaí na ndaltaí sa tumtheanga. Thig leis cuidiú leat fosta cinneadh ar dhóigheanna le heispéiris shuimiúla éagsúla a chur ar fáil agus timpeallacht do chuid daltaí a oiriúnú leis na riachtanais acu a chomhlíonadh agus le tacú lena gcuid foghlama.

Agus pleananna fadtréimhse, meántréimhse agus gearrthréimhse á bhforbairt agat, déan cinnte de go bhfuil deiseanna cuí ag do chuid daltaí agus ag daoine fásta eile a bheith rannpháirteach sa phróiseas pleanála. **Amharc ar cháipéisí pleanála mar rudaí solúbtha; is féidir go measfaidh tú gur cuí iad a leasú de bharr measúnú leanúnach.**

Pleanáil fhadtréimhseach

Leagann pleananna fadtréimhseacha amach, i dtéarmaí leathana, an fhoghlaim do ghrúpa iomlán daltaí, thar thréimhse bliana de ghnáth. Ba chóir go dtarlódh an leibhéal seo pleanála ar leibhéal na scoile iomláine le leanúnachas agus dul chun cinn a chinntiú i mBlianta 1-7.

Maidir le pleanáil fhadtréimhseach, ba chóir:

- go gcinnteodh sí go bhfaighidh do chuid daltaí curaclam leathan cothromaithe;
- go cinnteoidh sí forbairt leanúnach sa Ghaeilge;
- go gcuimseodh sí imeachtaí séasúracha féiltiúla agus imeachtaí pleanáilte eile, amhail naisc leis an phobal; agus
- go gcuirfeadh sí eolas ar fáil don phleanáil mheántréimhseach.

Pleanáil mheántréimhseach agus ghearrthréimhseach

Tagraíonn pleananna meántréimhseacha de ghnáth do thréimhsí míosúla nó leath téarma. Téann siad isteach sa bhearna idir an plean fadtréimhseach agus na mionsonraí ó lá go lá a bhaineann le plean gearrthréimhseach. Ba chóir go gcuirfeadh pleananna gearrthréimhseacha riachtanais daltaí aonair san áireamh. Ba chóir go mbeadh go leor sonraí iontu le heolas a chur ar fáil do mhúinteoirí agus do chúntóirí ranga ar bhonn laethúil. Is féidir gur cuí é, uaireanta, pleanáil meántréimhseach agus pleanáil gearrthréimhseach a chur le chéile.

Maidir le do chuid pleanála, ba chóir di:

- na hintinní foghlama a shainaithint a shonraíonn eolas, scileanna, tuiscint agus bainteacht trasna na Réimsí Foghlama;
- spriocanna teanga don Gaeilge a léiriú go sonrúil;
- bheith bunaithe ar fhianaise ó bhreathnú, measúnú agus luacháil;
- gach cur chuige teagaisc a mbainfidh tú úsáid as a shainaithint;
- breac-chuntas a thabhairt ar chleachtadh pleanáilte agus ar na háiseanna a bheidh de dhíth ort;
- idirdhealú a dhéanamh follasach;
- do chuid daltaí a chur san áireamh agus na riachtanais éagsúla agus na suimeanna éagsúla acu a léiriú;
- bheith solúbtha le freagairtí spontáineacha a cheadú;
- deiseanna a léiriú do chleachtaí dúshlánacha ceann-oscailte; agus
- bheith measúnaithe go rialta le heolas a chur ar fáil don phleanáil sa todhchaí.

Measúnú sa Bhonnchéim

Tagann páistí óga chun na scoile ó chúlraí éagsúla agus ó chineálacha difriúla taithí san fhoghlaim agus chomh maith le sin bíonn eagsúlacht le sonrú i bpróifíl teanga na bpáistí i nGaelscoil. I mbonnchéim sa Ghaelscolaíochta bíonn béim sa mheasúnú ar an bhreathnóireacht le scileanna Gaeilge a mheas chomh maith le dul chun cinn sna Réimsí Foghlama. Ar an ábhar sin, tá sé iontach tábhachtach eolas a thugann soláthróirí réamhscolaíochta, tuismitheoirí/ cúramóirí agus daoine gairmiúla eile a chur san áireamh le riachtanais gach páiste a shásamh chomh héifeachtach agus is féidir.

Tarlaíonn **Measúnú *ar an* Foghlaim** (measúnú suimitheach) *i ndiaidh* na foghlama agus taispeánann sé cad é atá bainte amach. Bíonn sé dírithe de ghnáth ar dhaoine fásta, agus is é an príomhchuspóir aige ná an fhoghlaim a tharla a chruthú nó a thomhas.

Tarlaíonn **Measúnú *chun* Foghlama** (measúnú foirmitheach) nuair a bhíonn *foghlaim ar bun* agus 'is próiseas é a bhaineann le fianaise a lorg agus a léirmhíniú a bheas in úsáid ag foghlaimeoirí agus ag a gcuid múinteoirí le cinneadh a dhéanamh faoin áit a bhfuil na foghlaimeoirí san fhoghlaim acu, faoin áit a gcaithfidh siad dul agus faoin dóigh leis an áit sin a bhaint amach.' (An Grúpa um Leasú Measúnaithe, 2001).

Ní frithráiteach ach comhlántach atá an dá chineál measúnaithe seo. Déanann Shirley Clarke, in *Unlocking Formative Assessment* (2001), é seo a léiriú le hanalach garraíodóireachta, 'má smaoiníonn muid ar ár gcuid daltaí mar phlandaí ... is próiseas é an measúnú **suimitheach** a bhaineann go simplí le hiad a thomhas. Is féidir go mbeidh sé spéisiúil na toisí a chur i gcomparáid agus a anailísiú, ach ní bhíonn tionchar acu ar fhás na bplandaí. Os a choinne sin, is ionann measúnú **foirmitheach** i dtéarmaí garraíodóireachta agus plandaí a chothú agus a uisciú - a bhfuil tionchar díreach acu ar a bhfás.'

Is iad na heochairghéithe den Mheasúnú chun Foghlama ná:

- Fócas ar fhoghlaim
- Ceistiú éifeachtach
- Aiseolas foirmitheach
- An Machnamh a éascú.

Is féidir go mbeidh na háiseanna seo a leanas, atá ar fáil ag www.ccea.org.uk, ina gcuidiú agat.

- ***Measúnú chun Foghlama*** - Treoir Phraiticiúil
- ***Scileanna Smaointeoireachta agus Abaltachtaí Pearsanta d'Eochairchéimeanna 1&2*** (féach, mar shampla, Ceistiú Éifeachtach ar leathanach 29].

Measúnú chun Foghlama i gcomhthéacs na Bonnchéime

Is próiseas casta é an Measúnú chun Foghlama a mbeidh am de dhíth lena fhorbairt. Sa Bhonnchéim ba chóir go mbeadh an bhéim ar thimpeallacht thacúil, a bhunú a chuimseodh idirghníomhú íogair, oscailteacht agus fiontraíocht, ina labhródh daoine fásta le daltaí faoina gcuid foghlama. Ba chóir go gcuimseodh straitéisí seomra ranga, pleanáil leis na daltaí, múnlú, úsáid éifeachtach an cheistithe, seisiúin iomlánacha agus comhráití le daoine aonair agus le grúpaí.

Fócas ar an fhoghlaim

Cuireann intinní foghlama síos ar an ábhar a bheidh ar eolas ag daltaí, a thuigfidh siad nó a bheidh siad ábalta a dhéanamh, agus is féidir iad a roinnt leis an rang iomlán, le grúpaí nó le daoine aonair. Is cuí intinní foghlama a roinnt agus **foghlaim nua** á thabhairt isteach agat, ach níl sé riachtanach i ngach ceacht. Nuair a bhíonn tú ag obair le grúpaí nó le daoine aonair, agus go háirithe sa tsúgradh, is féidir go dtiocfaidh intinní foghlama ó fhreagairtí do chuid daltaí. Déan machnamh ar an dóigh is fearr le hintinní foghlama a roinnt; sa Bhonnchéim, is féidir gur ó bhéal, trí phictiúir nó i bhfoirm scríofa a bheidh sé.

Is iad na critéir ratha na céimeanna atá de dhíth le cuspóir foghlama a bhaint amach agus le treoir shoiléir a thabhairt ar an dóigh le bheith rathúil. Achoimríonn siad na príomhphointí nó na príomhphróisis mhúinteoireachta agus baineann siad go díreach leis an chuspóir foghlama i dtólamh. Tógann sé am tuiscint ar chritéir ratha a fhorbairt. Tá sé tábhachtach go múnlaíonn daoine fásta úsáid na gcritéar ratha le cuidiú le daltaí na Bonnchéime an luach agus an fheidhm a bhaineann leo a thuiscint. Ní gá critéir ratha a scríobh; is féidir go mbainfidh tú úsáid as grianghraif nó íomhánna leis an phróiseas a léiriú.

Ceistiú éifeachtach

Is cuid lárnach den chleachtadh measúnaithe é ceistiú éifeachtach. Tá dhá phríomhchuspóir aige: le cuidiú le measúnú agus le tuiscint a fheabhsú. Is féidir le timpeallacht foghlama a chothaíonn idirghníomhú íogair agus a spreagann fiontraíocht tionchar a imirt ar a rathúla atá ceistiú agus a thairbhí atá sé d'fhoghlaim daltaí. Bíonn eiseamláiriú ar an dóigh le smaoineamh os ard a dhéanamh agus le ceisteanna a fhrámú riachtanach le cur ar a gcumas do dhaltaí stór focal cuí a fhorbairt le ceistiú a dhéanamh.

Aiseolas foirmitheach

Díríonn aiseolas foirmitheach ar an dóigh ar chomhlíon daltaí na critéir ratha a bhaineann le cuspóir foghlama, agus cuireann sé comhairle ar fáil ar na chéad chéimeanna eile sa phróiseas foghlama. Tá am de dhíth ar dhaltaí ansin le feabhsuithe riachtanacha ar bith a dhéanamh. Sa Bhonnchéim, ba chóir gur aiseolas ó bhéal a bheadh ann agus go dtarlódh sé i rith an phróisis foghlama ar fad.

Machnamh a éascú

Baineann machnamh a éascú le ham a chur isteach le ligean do pháistí **cad é** atá á fhoghlaim acu agus **cén dóigh** a bhfuil siad á fhoghlaim a shainaithint agus le hathruithe a dhéanamh de réir mar a théann siad ar aghaidh. Is féidir measúnú agus luacháil a dhéanfaidh siad orthu féin agus a dhéanfaidh piaraí orthu, ó bhéal den chuid is mó sa Bhonnchéim, a úsáid lena fhorbairt. Ba chóir go mbeadh an fócas ar thimpeallacht oscailte mhachnamhach a thógáil ina múnlaíonn daoine fásta teanga chuí agus iompar cuí. Caithfidh daltaí deiseanna a bheith acu lena gcuid foghlama a phlé, lena gcuid tuisceana a roinnt agus lena gcuid meancóg a fheiceáil mar dheiseanna foghlama.

Teicnící agus Straitéisí Measúnaithe

Ba chóir éagsúlacht straitéisí a úsáid mar chuid den phróiseas foghlama agus múinteoireachta, ní hamháin ag deireadh ceachta nó topaice. Roghnaigh na straitéisí is fearr a fhóireann do nádúr na hoibre a bhíonn á mheasúnú agat agus d'aidhm shonrach do mheasúnaithe.

Mar shampla, is féidir go bhfaighidh tú fianaise ó bhreathnú pleanáilte:

- ar thascanna neamhspleácha nó ar thascanna grúpa;
- ar phlé agus ar idirghníomhú;
- ar láithreoireachtaí béil, scríofa nó amhairc; agus
- ar an tsúgradh.

Breathnú

Is cuid nádúrtha riachtanach de chleachtas éifeachtach measúnaithe é an bhreathnoireacht. Ba chóir go dtarlódh breathnuithe i rith ama agus i réimse comhthéacsanna. Cuireann breathnuithe rialta agus taifid scríofa d'fhorbairt gach dalta pictiúr uileghabhálach ar fáil a sholáthróidh eolas don phleanáil agat agus a chuirfidh ar do chumas duit riachtanais aonair a chur san áireamh. Thig leat do chuid breathnuithe a úsáid i measúnú foirmitheach agus i measúnú suimitheach araon.

Cuireann breathnuithe ar do chumas duit fosta cleachtas a luacháil. Thig leat machnamh a dhéanamh ar ghnéithe soláthair ar bith mar a raibh deacrachtaí ag daltaí, tuilleadh ama nó áiseanna/deiseanna breise de díth orthu. Thig le faisnéis ón bhreathnú chéanna a bheith úsáideach ar chúiseanna measúnaithe agus luachála araon.

Pleanáil don bhreathnú

Cionn is go bhfuil breathnuithe ríthábhachtach ó thaobh pleanáil agus measúnú éifeachtach de, caithfidh tú am a thógáil le pleanáil a dhéanamh dóibh. De bhrí go dtagann cuid de na léargais is luachmhaire ar fhoghlaim daltaí ó fhreagairtí gan choinne do na héispeiris foghlama acu, caithfear cur chuige solúbtha a bheith agat a chuireann breathnuithe **pleanáilte** agus **breathnuithe** spontáineacha araon san áireamh.

Agus pleanáil ar bun agat, is féidir go gcinnfidh tú ar dhalta ar leith, nó ar ghrúpa daltaí ar leith, a bhreathnú ar laethanta áirithe. Thig leat a chinntiú ansin go gcuimseoidh do chuid breathnuithe thar thréimhse ama na daltaí uilig i réimse comhthéacsanna.

Ábhar an bhreathnaithe

Cuirfidh breathnuithe rialta ar do chumas duit machnamh a dhéanamh ar ghnéithe uile fhorbairt do chuid daltaí. Is féidir go gcuimseoidh na breathnuithe fianaise:

- ar dhul chun cinn maidir le gnéithe sonracha de Churaclam Thuaisceart Éireann;
- ar úsáid teanga agus cumarsáide i réimse cúinsí, comhrá le daoine fásta agus piaraí san áireamh;
- ar thuiscint agus ar úsáid na Gaeilge.
- ar idirghníomhú i ngnéithe uile an tsúgartha (istigh agus amuigh), agus i seisiúin leis an rang uilig nó le grúpaí;
- ar leibhéil folláine, cumas braistintí agus mothúcháin a bhainistiú san áireamh;
- ar dhearcadh dearfach nó ar leibhéal spreagtha agus taitnimh;
- ar leibhéil bhainteachta agus dianmhachnaimh le linn gníomhaíochtaí;
- ar an chumas obair a dhéanamh ar bhonn aonair, i bpéirí nó i ngrúpaí;
- ar an chumas fadhbanna a réiteach agus cinntí a dhéanamh nó scileanna smaointeoireachta a léiriú;
- ar an chumas a gcuid gníomhaíochtaí féin a phleanáil;
- ar thoilteanas imscrúdú a dhéanamh agus a bheith cruthaitheach;
- ar leibhéil féinfheasachta agus féinmhuiníne;
- ar thréithe, ábhair spéise, patrúin chairdis agus iompraíochtaí an duine aonair;
- ar an fhreagairt do dhaoine fásta a thugann cuairt ar an scoil nó ar chuairteanna oideachasúla; agus
- ar úsáid na n-áiseanna atá ar fáil.

Is féidir go gcuirfidh breathnuithe faisnéis mheastóireachta ar fáil fosta a chuideoidh leat:

- daltaí a shainaithint ar féidir go mbeidh aire bhreise nó aire speisialaithe de dhíth orthu;
- straitéisí a fhorbairt do na daltaí sin nach ndéanann ach cineálacha áirithe súgartha;
- úsáid éifeachtach spáis agus suímh a chinntiú, chomh maith le hoiriúnacht, le cruth agus le sábháilteacht an treallaimh agus na n-ábhar, a chinntiú; agus
- machnamh a dhéanamh ar cad iad na heispéiris nó na háiseanna breise ba chóir a chur ar fáil agus cad chuige.

Breathnuithe a thaifeadadh

Mar chuid dá polasaí agus dá cleachtas measúnaithe, ba chóir don scoil agat córas solúbtha a chomhaontú le breathnuithe a thaifeadadh. Ba chóir go léireodh sé seo prionsabail agus oideolaíocht na Bonnchéime agus gach Eochairchéime. Mar shampla, is féidir go mbainfidh tú úsáid as proformaí, as nótaí (nótaí greamacha, lipéid ghreamacha nó leabhair nótaí), as samplaí d'obair daltaí, as grianghraif, as fianaise DVD agus as taifeadtaí fuaime. Ar na gnéithe de dhea-chleachtas tá:

- ionchur a bheith ag an mhúinteoir agus ag an chúntóir ranga;
- breathnuithe pleanáilte agus breathnuithe spontáineacha a dhéanamh;
- leibhéal a dtuisceanna, a gcumas cuimhne agus a gcumas le freagra a thabhairt sa Ghaeilge a thaifeadadh;
- teanga dhearfach a úsáid, ag díriú ar an méid a thig leis an dalta a dhéanamh nó atá ar eolas ag an dalta;
- an dáta agus faisnéis a chur isteach a shainaithníonn an *uair,* an *áit* agus an *duine,* mar shampla, *agus súgradh ar bun ag an bhosca gainimh rinne Seán agus Orla…*;
- cur síos a dhéanamh ar cad é a rinne an dalta/na daltaí agus, nuair is cuí, sleachta cainte le teanga an dalta a thaifeadadh;
- giorrúcháin chomhaontaithe a úsáid do na háiteanna sa tseomra, d'ainmneacha na ndaltaí srl. (má chuidíonn siad leat);
- faisnéis a choinneáil fíorasach, sonrach agus gairid; agus
- gníomhú leantach atá de dhíth a chur isteach.

Measúnú agus pleanáil sa todhchaí

Cuireann breathnuithe fianaise ar fáil duit ar dhul chun cinn do chuid daltaí san fhoghlaim. Cuireann siad ar do chumas duit foghlaim agus forbairt gach dalta a mheasúnú. Bíonn pleanáil agus soláthar cuí do na chéad chéimeanna eile san fhoghlaim dá mbarr.

MÓRPHICTIÚR AN MHEASÚNAITHE AGUS AN TUAIRISCITHE

AIDHM AN MHEASÚNAITHE

Le monatóireacht ar chaighdeáin thar am a éascú mar chuidiú le polasaithe agus cleachtais a fhorbairt ar mhaithe le torthaí daltaí a fheabhsú

PRIONSABAIL
Ba chóir:

1. go mbeadh an measúnú ag teacht agus ag tacú le heochairaidhmeanna Churaclam TÉ
2. go mbeadh an measúnú fóirsteanach don fheidhm
3. go mbeadh an measúnú soláimhsithe
4. breithiúnais ghairmiúla mhúinteora a bheith mar chúltaca ag an mheasúnú, breithiúnais atá comhsheasmhach agus iontaofa
5. go mbeadh an measúnú cuí ag gach leibhéal ar mhaithe le freagracht ar fud an chórais

SPRIOCANNA

DIAGNÓISEACH
Le láidreachtaí agus le réimsí atá le feabhsú a shainaithint agus le faisnéis a chur ar fáil maidir leis na chéad chéimeanna eile

MÚNLAITHEACH
Le feabhsaithe sonraithe a dhéanamh san fhoghlaim trí úsáid a bhaint as faisnéis ón mheasúnú

SUIMITHEACH
Le feidhmíocht agus gnóthachtáil ghinearálta dalta ag am ar leith a aithint, a thaifeadadh agus a thuairisciú

MEASTÓIREACHTA
Le faisnéis a sholáthar do phleanáil curaclaim agus faoi choinne monatóireachta agus freagrachta

CAD É AIR A nDÉANTAR MEASÚNÚ?

Feidhmíocht agus gnóthachtáil daltaí sna ...

SCILEANNA TRASCHURACLAIM (STC)
Measúnú: samhail dhaingean ina ndéantar modhnóireacht ar bhreithiúnas múinteora

SCILEANNA EILE
(Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta: SSÁP)
Measúnú: tarmligthe do scoileanna

RÉIMSÍ FOGHLAMA (RF)
Measúnú: tarmligthe do scoileanna

RIACHTANAIS A BHAINEANN LE MEASÚNÚ AGUS LE TUAIRISCIÚ

AN BHONNCHÉIM

Measúnú
- Dul chun cinn daltaí i ngach STC a mheasúnú
- Dul chun cinn daltaí i ngach ceann de na Scileanna Eile (SSÁP) a mheasúnú
- Dul chun cinn daltaí i ngach RF a mheasúnú

Tuairisciú
- Tuairisc Bhliantúil
- Cruinnithe Tuismitheoirí
- Athbhreithniú Bliantúil*

EOCHAIRCHÉIM 1 & EOCHAIRCHÉIM 2

Measúnú
- Dul chun cinn daltaí i ngach STC a mheasúnú
- Úsáid a bhaint as tascanna sonraithe CCEA i mBlianta 4 & 7
- Dul chun cinn daltaí i ngach ceann de na Scileanna Eile (SSÁP) a mheasúnú
- Dul chun cinn daltaí i ngach RF a mheasúnú

Tuairisciú
- Tuairisc Bhliantúil
- Torthaí uimhriúla Bhlianta 4 & 7 maidir le STC agus faisnéis bhreise scoile/chórais chuig tuismitheoirí
- Measúnuithe ríomhairithe Bhlianta 4 – 7, téarma an fhómhair
- Cruinnithe Tuismitheoirí
- Athbhreithniú Bliantúil*

EOCHAIRCHÉIM 3

Measúnú
- Dul chun cinn daltaí i ngach STC a mheasúnú
- Úsáid a bhaint as tascanna faofa CCEA i mBliain 10
- Dul chun cinn daltaí i ngach ceann de na Scileanna Eile (SSÁP) a mheasúnú
- Dul chun cinn daltaí i ngach RF a mheasúnú

Tuairisciú
- Tuairisc Bhliantúil
- Torthaí uimhriúla Bhliain 10 maidir le STC agus faisnéis bhreise scoile/chórais chuig tuismitheoirí
- Cruinnithe Tuismitheoirí
- Athbhreithniú Bliantúil/Pleananna Aistrithe*

ÚSÁID A BHAINT AS TORTHAÍ MEASÚNAITHE LEIS NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE A PHLEANÁIL

AG LEIBHÉAL RANGA:	Cén leibhéal ag a bhfuil na daltaí anois?	Cad é an chéad leibhéal eile ag ar chóir dóibh a bheith ag obair (agus go leor dúshláin a bheith ann)?	Cad iad na straitéisí is fearr le cuidiú leis na daltaí 'na chéad chéimeanna eile' a bhaint amach san fhoghlaim?
AG LEIBHÉAL COMHORDAITHEORA:	Cad é mar atá an fheidhmíocht sa réimse freagrachta s'agamsa i gcomparáid le treochtaí le trí bliana anuas?	Cad é mar atá an fheidhmíocht sa réimse freagrachta s'agamsa i gcomparáid le feidhmíocht i réimsí eile curaclaim?	Cad iad an tosaíochtaí maidir le soláthar a fheabhsú taobh istigh den réimse freagrachta agam?
AG LEIBHÉAL IOMLÁN SCOILE:	Cad é mar atá an fheidhmíocht sa scoil againne i gcomparáid le treochtaí le trí bliana anuas?	Cad é mar atá an fheidhmíocht sa scoil againne i gcomparáid le scoileanna i gcúinsí cosúla?	Cad iad na tosaíochtaí iomlán scoile le torthaí daltaí a fheabhsú, go háirithe i dtaca le Litearthacht agus le hUimhearthacht?

* An Cód Cleachtais maidir le Sainriachtanais Oideachais a Aithint agus a Mheas ORDÚ OIDEACHAIS (TÉ) 1996 1 Meán Fómhair 1998

CUSTOMER
SERVICE
EXCELLENCE®
CSE

INVESTORS
IN PEOPLE

nqa
ISO 9001
ISO 14001
OHSAS 18001
Registered

© CCEA 2017

COUNCIL FOR THE **CURRICULUM, EXAMINATIONS** AND **ASSESSMENT**
29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
Tel: +44 (0)28 9026 1200 Fax: +44 (0)28 9026 1234
Email: info@ccea.org.uk Web: www.ccea.org.uk

Rewarding Learning